# Agóid Chiúin

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint anois ar thuairisc faoin agóid a bhí ar bun i mBaile Átha Cliath inné. Sula bhféachann tú ar an mír, bí ag obair leis an duine in aice leat agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt

Cén fáth a raibh na mic léinn ag máirseáil inné?

Cad atá ar eolas agat maidir le polasaithe Fhine Gael i leith na Gaeilge?

An gceapann tú go bhfuil locht ar an mbealach ina múintear an Ghaeilge?

**Ceist 2** Féach ar an mír anois. Déan iarracht na téarmaí thíos a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

Mac Léinn_____Petition
Ceannáras_____Stance
Éigeantach_____Proposals
Achainí_____University
Tacaíocht_____Headquarters
Ollscoil_____Compulsory
Agóid_____Protest
Seasamh_____Public Meetings
Moltaí_____Student
Cruinnithe Poiblí____Support

**Ceist 3** Anois féach ar an mír don dara huair agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cé mhéad mac léinn a bhailigh taobh amuigh den Dáil inné?
2. Cé mhéad síniú a bhí ar an achainí?
3. Bronnadh an achainí ar cén Pháirtí Polaitíochta?
4. Cad a bhí á ndáileadh ag lucht na hagóide ar dhaoine a bhí ag dul ag obair ar maidin?
5. Cá leanfar leis an agóid i rith na seachtaine? ( 3 áit)

**Ceist 4** Déan iarracht na bearnaí a líonadh sa sliocht thíos.

Chuaigh os cionn 500 mac léinn i mbun _____taobh amuigh den Dáil tráthnóna i gcoinne mholtaí Fhine Gael deireadh a chur leis an nGaeilge mar ábhar_____san Ardteistiméireacht. Chuaigh siad[1] as sin go _____Fhine Gael le _____a bhí sínithe ag cúig mhíle dhéag duine a bhronnadh ar an bpáirtí. _____siad leis an agóid, a deir siad, go dtí go dtarraingeoidh Fine Gael siar an_____.

(hachainí, moladh, éigeantach, agóide, Ceannáras, Leanfaidh)

**Ceist 5** *' Cuireadh '*

*a)* Cén ghné den ghramadach a léirítear thuas?

b) Déan iarracht líne a chur faoi shamplaí den saorbhriathar, agus aon bhriathar neamhrialta sa sliocht thíos.

*Cuireadh tús go luath le hagóid na mac léinn ar maidin agus iad ag dáileadh bileoga eolais ar dhaoine a bhí ag taisteal chun na hoibre, féachaint le tacaíocht a fháil le cur i gcoinne an mholta maidir leis an nGaeilge a bheith roghnach san Ardteist. Labhair siad le cúig chéad duine ar a laghad, a deir siad, gan trácht ar líon na mbileoga a dáileadh. Thug siad aghaidh ar Theach Laighean i dteannta mac léinn ó na hollscoileanna ar fad i gCúige Laighean, mar aon le scata mór daltaí meánscoile.*

**Ceist 6** Pléigh an ráiteas thíos leis an duine in aice leat nó mar rún díospóireachta sa rang.

'Aontaím le polasaí Fhine Gael, go dtiocfaidh feabhas ar an teanga mura bhfuil sí éigeantach'

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1** Is féidir na ceisteanna seo a phlé leis an duine in aice leat.

**Ceist 2**

Mac Léinn **Student**
Ceannáras **Headquarters**
Éigeantach **Compulsory**
Achainí **Petition**
Tacaíocht **Support**
Ollscoil **University**
Agóid **Protest**
Seasamh **Stance**
Moltaí **Proposals**
Cruinnithe Poiblí **Public Meetings**

**Ceist 3**

1 Bhailigh os cionn 500 mac léinn taobh amuigh den Dáil inné.

2. Bhí 1,500 síniú ar an achainí.

3. Bronnadh an achainí ar Fhine Gael.

4. Bhí bileoga eolais á ndáileadh ag lucht na hagóide ar dhaoine a bhí ag dul ag obair ar maidin.

5. Leanfar leis an agóid i nGaoth Dobhair, i gCiarraí agus i gCill Dara i rith na seachtaine.

**Ceist 4** Chuaigh os cionn 500 mac léinn i mbun **agóide** taobh amuigh den Dáil tráthnóna i gcoinne mholtaí Fhine Gael deireadh a chur leis an nGaeilge mar ábhar **éigeantach** san Ardteistiméireacht. Chuaigh siad[2] as sin go **Ceannáras** Fhine Gael le **hachainí** a bhí sínithe ag cúig mhíle dhéag duine a bhronnadh ar an bpáirtí. **Leanfaidh** siad leis an agóid, a deir siad, go dtí go dtarraingeoidh Fine Gael siar an **moladh.**

**Ceist 5** Léirítear an saorbhriathar sa sampla thuas.

***Cuireadh*** *tús go luath le hagóid na mac léinn ar maidin agus iad ag dáileadh bileoga eolais ar dhaoine a* ***bhí*** *ag taisteal chun na hoibre,* ***féachaint*** *le tacaíocht a* ***fháil*** *le cur i gcoinne an mholta maidir leis an nGaeilge a* ***bheith*** *roghnach san Ardteist. Labhair siad le cúig chéad duine ar a laghad, a* ***deir*** *siad, gan trácht ar líon na mbileoga a* ***dáileadh****.* ***Thug*** *siad aghaidh ar Theach Laighean i dteannta mac léinn ó na hollscoileanna ar fad i gCúige Laighean, mar aon le scata mór daltaí meánscoile.*

**Ceist 6** Is féidir an ráiteas a phlé nó díospóireacht a dhéanamh sa rang.

**Máire T Ní Mhadaoin**

Bail ó Dhia oraibh. Chuaigh os cionn 500 mac léinn i mbun agóide taobh amuigh den Dáil tráthnóna i gcoinne mholtaí Fhine Gael deireadh a chur leis an nGaeilge mar ábhar éigeantach san Ardteistiméireacht. Chuaigh siad[3] as sin go Ceannáras Fhine Gael le hachainí a bhí sínithe ag cúig mhíle dhéag duine a bhronnadh ar an bpáirtí. Leanfaidh siad leis an agóid, a deir said, go dtí go dtarraingeoidh Fine Gael siar an moladh.

**Sorcha Ní Riada**

Cuireadh tús go luath le hagóid[4] na mac léinn ar maidin agus iad ag dáileadh bileoga eolais ar dhaoine a bhí ag taisteal chun na hoibre, féachaint le tacaíocht a fháil le cur i gcoinne an mholta[5] maidir leis an nGaeilge a bheith roghnach san Ardteist. Labhair siad[6] le cúig chéad duine ar a laghad, a deir siad, gan trácht ar líon na mbileoga a dáileadh. Thug siad[7] aghaidh ar Theach Laighean i dteannta mac léinn ó[8] na hollscoileanna ar fad i gCúige Laighean mar aon le scata mór daltaí meánscoile.

**Aodhán Ó Deá-Aontas na Mac Léinn**
Táimid anseo inniu le taispeáint[9] do Fhine Gael[10] go bhfuil daoine óga feargach faoin seasamh atá acu faoin nGaeilge[11] don Ardteist. Níl muide chun glacadh leis. Ceapaimid má tá sé roghnach go ndéanfaidh sé an-an dochar don teanga. Nílimid sásta glacadh leis an bpolasaí seo, nílimid chun vótaí a thabhairt do Fhine Gael agus táimid ag rá leo an polasaí a athrú anois.[12] Níl daoine óga ag iarraidh go mbeidh deireadh leis an nGaeilge. Ná tabhair vóta don pháirtí má leanann siad leis an bpolasaí seo.

**Micheál Clancy-Ógra Fhine Gael**
I measc siúd a bhí i láthair bhí ball d'Ógra Fhine Gael a bhí ag caint ar a shon féin. "Tá mé fós i mo bhall d'Ógra Fhine Gael agus Fine Gael agus tá súil agam go mbeidh rialtas againn i gceann coicíse mar sin.[13] Níl mé ag moladh[14] gan vóta a chaitheamh d'[15]Fhine Gael ach gach aon duine i Fine Gael, taobh amuigh de Fhine Gael, nach bhfuil sásta leis an bpolasaí seo, molaim daoibh teacht amach agus a[16] rá nach bhfuil siad sásta, ach tá daoine ann gan amhras."

Leanfar leis an agóid ag cruinnithe poiblí i nGaoth Dobhair, i gCiarraí agus Cill Dara i rith na seachtaine.

---

[3] Chuadar deirtear
[4] Le agóid deirtear
[5] an moladh deirtear
[6] D'labhradar deirtear
[7] Thugadar
[8] ós a deirtear i gcanúint na Mumhan
[9] le thaispeáint a deirtear
[10] Fágtar an séimhiú ar lár
[11] Níor chuir sé urú i bhfeidhm
[12] Athraigh an polasaí anois
[13] So deirtear
[14] ag mholadh deirtear
[15] ar Fhine Gael deirtear
[16] ag rá deirtear